Faoi bhráid: An tUas. Filip Cornelis,
Stiúrthóir Eitlíochta
Ard-Stiúrthóireacht na
Soghluaisteachta agus an Iompair,
an Coimisiún Eorpach
B – 1049 An Bhruiséil

**CHUIG:** An tUas. Filip Cornelis, Stiúrthóir Eitlíochta Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, an Bhruiséil.

**CÓIPEÁILTE:** An tUas. Eddy Liegeois, Ceann Aonaid Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, an Bhruiséil.

An tUas. Adam Monaghan, Ataisé Eitlíochta, Buanionadaíocht na hÉireann, an

Bhruiséil. Ethna Brogan Uas., Rúnaí Cúnta, Eitlíocht, an Roinn Iompair, Éire

**DÁTA:** 8 Lúnasa 2025

**Maidir le:** **Fógra faoi Shrian Oibriúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014**

A Chomhghleacaí, a chara,

Is é atá sa Choimisiún Pleanála (an Bord Pleanála roimhe seo) ná údarás inniúil[1] in Éirinn de bhun Airteagal 3 de *Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom*, agus é freagrach as an bpróiseas atá le leanúint agus srianta oibriúcháin á nglacadh ag aerfort in Éirinn.

Tá an Coimisiún Pleanála ag scríobh chugat de bhun Airteagal 8.1 de Rialachán 598/2014 chun fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach go bhfuil sé ag tabhairt srian oibriúcháin isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt faisnéise cúlra faoin gcinneadh a rinne an Coimisiún Pleanála le déanaí leagtha amach thíos.

## Cúlra

An 18 Nollaig 2020, rinne Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ("DAA") iarratas ar chead chuig Comhairle Contae Fhine Gall ("FCC") chun Coinníoll 3(d) de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (Uimh. Thag. Clár. FCC F04A/1755; Uimh. Thag. an Bhoird Pleanála PL06F.217429, arna leasú le FCC F19A/0023; Uimh. Thag. an Bhoird Pleanála ABP-305298-19) a leasú agus Coinníoll 5 de a ionadú.

Áiríodh leis an togra ó DAA an Rúidbhealach Thuaidh a úsáid ar feadh dhá uair an chloig sa bhreis le linn na hoíche (23:00-00:00 agus 06:00-07:00) agus Scéim Cuótaí Torainn a chur in ionad srian ar an líon eitiltí oíche.

[1] Chun críocha achomharc

Teil | Tel | (01) 858 8100
Glao Áitiúil | LoCall | 1890 275 175
Facs | Fax | (01) 872 2684
Láithreán Gréasáin | Website | www.pleanala.ie
Ríomhphost | Email | communications@pleanala.ie

64 Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

64 Marlborough Street
Dublin 1
D01 V902

Ós rud é gurbh ionann na hathruithe beartaithe ar an dá choinníoll agus srianta oibriúcháin mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(6) de Rialachán 598/2014 agus le halt 2(1) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019, tarchuireadh an ní chuig an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí. An 20 Meitheamh 2022, rinne an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí cinneadh rialála lenar leagadh amach srianta oibriúcháin a bhí difriúil leo sin a mhol DAA. Is féidir nasc chuig an gcinneadh ón Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí a fháil anseo:
https://www.fingal.ie/sites/default/files/2022-06/Regulatory Decision Report.pdf

An 8 Lúnasa 2022, cheadaigh FCC na leasuithe ar chead an Rúidbhealaigh Thuaidh, lenar áiríodh na coinníollacha oibriúcháin malartacha a leag an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí amach ('an gníomh iomchuí'). Is féidir nasc chuig an gcead ó FCC a fháil anseo:
https://planning.agileapplications.ie/fingal/application-details/88548

**An Cinneadh ón gCoimisiún Pleanála**
Fuair an Coimisiún Pleanála 14 achomharc tríú páirtí mar fhreagra ar an gcinneadh ó FCC an gníomh iomchuí a cheadú.

An 17 Meán Fómhair 2024, rinne an Coimisiún Pleanála Dréachtchinneadh a bhí bunaithe, i measc nithe eile, ar thuarascáil mhionsonraithe ó Chigire dá chuid dar dáta an 29 Bealtaine 2024 ("an Tuarascáil Tosaigh ón gCigire"). Bhí an Tuarascáil Tosaigh ón gCigire bunaithe go páirteach ar dhá shaintuarascáil ar thiomsaigh Vanguardia iad ("an Tuarascáil Tosaigh ó Vanguardia dar dáta an 18 Aibreán 2024" agus "an Tuarascáil Aguisín ó Vanguardia dar dáta an 19 Aibreán 2024"). Bhí an Dréachtchinneadh faoi réir comhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin ullmhaíodh Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire dar dáta an 26 Bealtaine 2025 ("an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire"). Bhí an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire bunaithe go páirteach ar shaintuarascáil amháin dar dáta an 21 Feabhra 2025 ar thiomsaigh Vanguardia í ("an Freagra ó Vanguardia ar Aighneachtaí dar dáta an 21 Feabhra 2025 (Aguisín 4 a ghabhann leis an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire)").

An 16 Iúil 2025, chinn an Coimisiún Pleanála cead a dheonú ar achomharc lena leasaítear coinníollacha áirithe i ndáil le hoibriú an Rúidbhealaigh Thuaidh, lena dtugtar srianta oibriúcháin isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ("an Cinneadh Deiridh").

Is mar a leanas atá na srianta beartaithe oibriúcháin atá bainteach le torann a thugtar isteach mar thoradh ar an gcinneadh ón gCoimisiún Pleanála:

- Beidh an t-aerfort faoi réir Scéim Cuótaí Torainn lena ngabhann teorainn bhliantúil 16,260 idir 23:00 agus 07:00 (am áitiúil), agus teorainneacha atá bainteach le torann ann ar na haerárthaí a cheadaítear chun oibriú san oíche.
- Ní úsáidfear Rúidbhealach 10L/28R le haghaidh éirí de thalamh ná tuirlingt idir 00:00 agus 06:00 (am áitiúil) ach amháin i gcásanna sábháilteachta, tosca cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta, adhaimsire, lochtanna teicniúla i gcórais rialaithe aerthráchta nó éigeandálaí dearbhaithe ag aerfoirt eile nó i gcás go mbeidh fad Rúidbhealach 10L/28R ag teastáil le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh.
- Beidh an t-aerfort faoi réir teorainn bhliantúil gluaiseachta aerárthaigh 35,672 idir 23:00 agus 07:00 (am áitiúil) san oíche.

Mar a thabharfaidh tú faoi deara, is é atá sa Chinneadh Deiridh ón gCoimisiún Pleanála freisin coinníoll mionsonraithe i ndáil le scéim dheonach deontas inslithe fuaime cónaithe do theaghaisí cónaithe.

Is mar achoimre, agus mar achoimre amháin, atá an méid thuas tugtha, agus ní cuid den chinneadh ón gCoimisiún Pleanála é.

Is féidir na doiciméid uile a bhaineann leis an gcinneadh ón gCoimisiún Pleanála a fháil anseo:
314485 | An Coimisiún Pleanála -.

Mar sin féin, is féidir na doiciméid aonair dá dtagraítear thuas a rochtain go díreach mar a leanas:

1. Tá an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún Pleanála
   ar fáil anseo: D314485 - Dréachtchinneadh.pdf

2. Tá an Tuarascáil Tosaigh ón gCigire
ar fáil anseo: r314485.pdf

3. Tá an Tuarascáil Tosaigh ó Vanguardia dar dáta an 18 Aibreán 2024 ar fáil anseo: Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath

4. Tá an Tuarascáil Aguisín ó Vanguardia dar dáta an 19 Aibreán 2024 ar fáil anseo: Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath

5. An Freagra ó Vanguardia ar Aighneachtaí dar dáta an 21 Feabhra 2025 (Aguisín 4 a ghabhann leis an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire):
Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath

6. Tá an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire ar fáil anseo: r314485a.pdf

7. Tá an Cinneadh Deiridh ón gCoimisinéir Pleanála (dar teideal 'Ordú ón gCoimisiún') ar fáil anseo: d314485.pdf

Tá an fhaisnéis a cheanglaítear chun críocha Airteagal 8.2 de Rialachán 598/2014 sa Chinneadh Deiridh ón gCoimisiún Pleanála agus sna doiciméid ghaolmhara, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an Tuarascáil Tosaigh ón gCigire agus an Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire, an Tuarascáil Tosaigh ó Vanguardia dar dáta an 18 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Aguisín ó Vanguardia dar dáta an 19 Aibreán 2024 agus na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear iontu. Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, tabhair faoi deara go dtugtar aghaidh ar an gCuspóir Laghdaithe Torainn i mír 3.3.1 den Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire agus go dtugtar aghaidh ar an Anailís ar Chost-Éifeachtúlacht i mír 3.5.35 den Tuarascáil Fhorlíontach ón gCigire.

Má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait ina leith seo, ná bíodh aon drogall ort teagmháil a dhéanamh linn.

**Fógra**
Leis seo, mar sin, tugaimid fógra sé mhí don Choimisiún Eorpach de bhun Airteagal 8.1 de Rialachán 598/2014 faoin srian oibriúcháin seo a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.


Tugaimid faoi deara go gceanglaítear le hAirteagal 8.1 freisin go dtabharfaí fógra do na Ballstáit eile agus do pháirtithe leasmhara ábhartha faoin gcinneadh seo. Bheimis buíoch díot dá bhféadfá mionsonraí teagmhála a sholáthar do na teagmhálaithe faoi seach sna Ballstáit eile nó, mar mhalairt air sin, dá bhféadfá a dheimhniú cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh an Coimisiún Eorpach iad ar an eolas faoin bhfógra seo.

Ina theannta sin, geallaimid fógra a thabhairt do gach ceann de na páirtithe ábhartha sa Chinneadh Deiridh faoin bhfógra seo agus faoin tréimhse sé mhí a bheidh ag an gCoimisiún Eorpach chun an srian oibriúcháin a bhreithniú. Más ann d'aon "pháirtithe leasmhara" eile a gceanglaítear fógra a thabhairt dóibh de bhun Airteagal 8.1, cuir mionsonraí teagmhála na bpáirtithe sin in iúl dúinn, le do thoil.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh aon duine agóid a dhéanamh in aghaidh Cinneadh Deiridh ón gCoimisiún Pleanála chuig an Ard-Chúirt in Éirinn trí imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh laistigh de 8 seachtaine ó dháta an Chinnidh. Nílimid ar an eolas faoi aon imeachtaí a

tionscnaíodh go dtí seo ach, ós rud é go bhfuilimid fós sa tréimhse 8 seachtaine, is féidir go dtiocfaidh athrú ar an staid sin.

Is mise le meas,



_________________________
Bríd Hill
Príomhoifigeach